2021. M7 2021L001A1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021***

# *Gaeilge Ardleibhéal*

**Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)**

160 MARC

**Dé Luain**
**14 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

## Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| Cuid I: Cluastuiscint | |
| Na hIomláin | |
| Cuid A, Fógra 1 | |
| Cuid A, Fógra 2 | |
| Cuid B, Comhrá 1 | |
| Cuid B, Comhrá 2 | |
| Cuid C, Píosa 1 | |
| Cuid C, Píosa 2 | |
| Iomlán | |

| | |
|---|---|
| Eolas | |
| Gaeilge | |
| Móriomlán | |

### *Treoracha d'iarrthóirí*

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

# *Cuid A*

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

**1.** Cad atá á lorg ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh?

____________________

**2.** Cén dualgas a bheidh ar an duine a cheapfar?

____________________

**3.** Scríobh síos **dhá** cháilíocht atá riachtanach don phost seo.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

## FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cé a chuir amach an fógra seo?

____________________

**(b)** Cén fáth a bhfuil an comórtas scríbhneoireachta seo á eagrú?

____________________

**2.** Luaigh **dhá** rud a chaithfidh na scoláirí a dhéanamh le cur isteach ar an gcomórtas seo.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**3.** Cad é an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha?

____________________

# *Cuid B*

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén moladh a rinne an rialtas maidir le cúrsaí taistil sa samhradh?

___

**2.** Cén áit in Éirinn ar chaith Nuala agus a muintir deich lá ar saoire sa samhradh?

___

**3.** Luaigh **dhá** chúis ar roghnaigh Nuala agus a muintir an ceantar sin mar ionad saoire.

**(i)** ___

**(ii)** ___

***An Dara Mír***

**1.** Tabhair cúis **amháin** nach raibh sé ródheacair dreapadh go barr na hEaragaile, dar le Nuala.

___

**2.** Scríobh síos **dhá** rud a rinne Nuala agus a muintir ar Thoraigh.

**(i)** ___

**(ii)** ___

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén fáth ar tugadh ardmholadh do Sheán sa chuntas a léigh Caoimhe ar shuíomh gréasáin a scoile?

______________________________________________________________________

**2.** Conas a mhothaigh Seán nuair a fuair sé an phríomhpháirt sa cheoldráma?

______________________________________________________________________

**3.** Luaigh **dhá** rud a bhí ar Sheán agus ar na haisteoirí eile a dhéanamh le hullmhú don léiriú stáitse.

**(i)** ______________________________________________________________

**(ii)** ______________________________________________________________

***An Dara Mír***

**1.** Scríobh síos **dhá** chúram a bhí ar an bhfoireann chúlstáitse.

**(i)** ______________________________________________________________

**(ii)** ______________________________________________________________

**2.** Cad a rinne an lucht féachana ag deireadh gach seó?

______________________________________________________________________

# *Cuid C*

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cad a sheol Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, ar an 30 Deireadh Fómhair 2020?

________________________________________________

**2.** Cén áit ar líne a raibh an seoladh oifigiúil ar siúl?

________________________________________________

**3.** Scríobh síos rud **amháin** atá ar fáil sa saothar nua a sheol an tUachtarán.

________________________________________________

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cén eagraíocht dhaonnúil a bhuaigh Duais Nobel na Síochána anuraidh?

________________________________________________

**2.** Cén fáth ar bronnadh an onóir seo ar an eagraíocht dhaonnúil sin, de réir Choiste Nobel?

________________________________________________

**3.** Tabhair **dhá** chúis a dtarlaíonn géarchéimeanna daonnúla.

**(i)** ____________________________________________

**(ii)** ____________________________________________

# Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

---

## *Treoracha d'iarrthóirí*

---

**Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.**

**Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.**

**Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.**

---

# CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B nó C*** anseo thíos.
*Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.*

## A – AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN / IRISE – **100 marc**

Scríobh AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN / IRISE ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(a) Fadhbanna móra na linne seo.

(b) Cearta Daonna.

(c) An tAthrú Aeráide.

(d) An Ghaeilge agus an cultúr Gaelach.

(e) Buntáistí agus míbhuntáistí na teicneolaíochta.

## B – SCÉAL – **100 marc**

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha ceann **amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Crógacht.

(b) Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

## C – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – **100 marc**

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tá rialtas éifeachtach againn sa tír seo faoi láthair.*

(b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

*Saol an duine óig in Éirinn sa lá atá inniu ann.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

Leathanach Bán